Dáta	Leibhéal ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Béarla
Snáithe Teanga Bhéil	**Snáithaonad** Glacacht le teanga. Inniúlacht agus muinín agus teanga á húsáid. Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga. Forbairt mhothúcháin agus samhlaíochta trí theanga.	
Teideal Fuaimdhreacha agus an Mhuir Mhór Ghorm		
Cuspóir(í) Is é aidhm an phlean ceachta ná go bhforbróidh na leanaí glacacht le teanga ach éisteacht le scéalta agus freagairt dóibh; éisteacht le scéalta agus freagairt dóibh; éisteacht le fuaimeanna agus freagairt dóibh; agus gothaí agus gluaiseacht a úsáid chun an bhrí lena bhfuil sé/sí ag rá a leathnú.		
Scileanna atá Riachtanach Léitheoireacht; Éisteacht; Tuiscint; Samhlaíocht, Cruthaitheacht agus Muinín a Fhorbairt agus teanga bhéil á húsáid; Aird, Cuimhne, Loighic agus Réasúnaíocht, Próiseáil Éisteachta, Próiseáil Amhairc agus Luas Próiseála.		

Cuspóirí foghlama	**Gníomhaíochtaí foghlama**
Cuirfear ar chumas an linbh: Éisteacht le scéal coitianta atá á athinsint agus taitneamh a bhaint as. Úsáid a bhaint as cnagadh coirp agus as gléasanna chun an mothú sa scéal a chur in iúl agus chun insint an scéil a bhreisiú. Oibriú i ngrúpaí chun tablónna agus fuaimdhreacha a úsáid chun aisteoireacht a dhéanamh ar radhairc ón scéal an athuair.	**Labhairt agus Plé:** Léitear 'You, Me and The Big Blue Sea' don rang. Déanfaidh na daltaí ransú smaointe ansin ar fhuaimeanna chun cur leis an scéal d'fhonn a insint a bhreisiú. D'fhéadfadh go gcinnfeadh an dalta gléasanna agus/nó cnagadh coirp a úsáid. **Foghlaim ghníomhach**: Codanna den scéal a d'fhéadfaí a bhreisiú ach úsáid a bhaint as fuaimdhreacha iad an t-aigéan, na faoileáin, an míol mór, na plátaí atá ag clingeáil ar bhord an chaptaein etc. D'fhéadfadh na leanaí fuaimdhreacha a chruthú don scéal iarbhír agus do na nithe a chuimhníonn an buachaill dáiríre araon. D'fhéadfadh go gcuimseodh roinnt roghanna le haghaidh na fuaimeanna a chruthú déantóirí báistí chun fuaimeanna na gcloch dhuirlinge ar an gcladach a chruthú. D'fhéadfaí ábhair éagsúla a thabhairt do leanaí agus d'fhéadfadh siad

	triail a dhéanamh leis na nithe a n-éiríonn leo, ina dtuairim féin, a fháil amach. **Foghlaim Chomhoibríoch:** D'fhéadfaí an rang a roinnt ina ghrúpaí chun fuaimdhreacha a chruthú le haghaidh radhairc éagsúla sa scéal. D'fhéadfadh leanaí sna grúpaí tablónna de na radhairc a chruthú freisin. D'fhéadfadh na grúpaí go léir teacht le chéile ansin le haghaidh insint dhrámatúil bhreisithe an scéil atá feabhsaithe ag fuaimeanna agus ag gníomhartha.
	Acmhainní You, Me and The Big Blue Sea le Marie Louise Fitzpatrick. Gléasanna Ceoil.

Difreáil
Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt.
Ceisteanna ardoird agus ísealoird.

Measúnú
Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.

Nascadh agus Comhtháthú
Drámaíocht: Íomhánna socra den scéal a chruthú.
Ceol: Gléasanna a úsáid chun fuaimdhreach a chruthú le haghaidh an scéil.
Stair: An scéal a sheicheamhú nó taisteal mara mar atá sé anois agus mar a bhí sé ansin a chur i gcomparáid.
Eolaíocht/Tíreolaíocht: D'fhéadfadh na leanaí tuilleadh taighde a dhéanamh ar na hainmhithe a fheiceann an leanbh. An bhféadfadh na leanaí láthair an bháid a thomhas bunaithe ar na hainmhithe a fheiceann an buachaill?